# Grafaic

Nuachtlitir JCt4 – Earrach 2021– Eagrán 7

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun spreagadh, tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

## RIAI - Taispeántas grafaice

Tá an-áthas ar fhoireann Ghrafaice JCt4 leanúint ar aghaidh le comhpháirtíocht spreagúil le hInstitiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann (RIAI). I mbliana, tá deis ag scoláirí Grafaice sa chéad bhliain agus sa dara bliain dul i ngleic leis an tionscnamh seo agus is é an tasc atá acu 'Dea-Dhearadh sa Ghnáthshaol' a fhiosrú. Cuirfear tuilleadh sonraí faoin gcomhpháirtíocht spreagúil seo ar aghaidh chuig múinteoirí tríd an liosta seoltaí in am trátha. Chun tuiscint a fháil ar an méid atá i gceist is féidir féachaint ar iontrálacha na bliana seo caite trí chliceáil ar an íomhá thíos




Chun fanacht ar an eolas leis na tarluithe go léir i spás Grafaice JCt4, cláraigh lenár liosta seachadta agus le fotha Twitter @JCt4ed

www.jct.ie

@JCt4ed

# Fáilte

Fáilte go dtí Nuachtlitir Ghrafaice JCt4 Earrach 2021 agus tá súil againn go bhfuil tú féin agus do mhuintir uile go maith ar fháil na nuachtlitreach seo. San eagrán seo beimid ag féachaint ar na nuashonruithe is déanaí agus ar fhorbairtí nua do mhúinteoirí Grafaice ó eisíodh Nuachtlitir an Fhómhair 2020.



## Measúnú Rangbhunaithe (MRB)

Ós rud é go bhfuilimid sa tréimhse anois chun MRB 1 a dhéanamh, ba mhaith linn aird a tharraingt ar thacaí a d'fhéadfadh cabhrú le múinteoirí ó thaobh na pleanála de agus le scoláirí i gcur i gcrích MRB 1 na Grafaice. Thosaigh an uain chun MRB 1 a dhéanamh – 'Cumarsáid trí sceitseáil' ar an 6ú Eanáir agus beidh sí ag dúnadh arís Dé hAoine an 14 Bealtaine. Tá tuilleadh eolais ar na socruithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a dhéanamh i mbliana ar shuíomh gréasáin na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) nó trí chliceáil anseo. Laistigh den doiciméad seo, tá leathanaigh 3 agus 4 ábhartha go háirithe don tsraith ábhair theicneolaíochta.

## Nuashonrú tábhachtach MRB

Le seachtainí beaga anuas, tá nuashonruithe ar roinn na Grafaice de curriculumonline.ie. Áirítear orthu sin leagan nuashonraithe de 'Na Treoirlínte do na Measúnaithe Rangbhunaithe sa Ghrafaic' agus eiseamláirí de Mheasúnú Rangbhunaithe 1 is féidir a fháil sa tíl 'Samplaí de Shaothar Scoláirí' Tá na tacaí seo lárnach i dtaca le 'Pleanáil do Mheasúnuithe Rangbhunaithe' agus cabhróidh siad le múinteoirí roimh phróiseas an Mheasúnaithe Rangbhunaithe agus ina dhiaidh.

***Nuashonrú tábhachtach***

***Rinneadh leagan nua de na Treoirlínte Measúnaithe. Cinntigh go bhfuil Nollaig 2020 scríofa sa leagan atá in úsáid agat ar an gcúinne ag bun an chlúdaigh thosaigh.***




## Seimineár Gréasáin MRB na Grafaice



Chun cabhrú le múinteoirí atá i mbun pleanála do Mheasúnú Rangbhunaithe 1, d'óstáil foireann Ghrafaice JCt4 seimineár gréasáin Dé Céadaoin 7 Deireadh Fómhair ag 7.00 p.m. Áiríodh leis an seimineár gréasáin sonraí faoi na ceithre lionsa do MRB 1 chomh maith le moltaí i gcomhair phleanáil na roinne agus na múinteoirí mar ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe. Chun féachaint ar thaifeadadh den seimineár gréasáin agus ar na hacmhainní gaolmhara, cliceáil anseo nó ar na híomhánna atá le fáil ar dheis.



## Ceardlanna DRC néalbhunaithe

Reáchtáil foireann Ghrafaice JCt4 12 cheardlann roghnacha DRC ar líne inar iniúchadh DRC mar uirlis teagaisc agus foghlama i seomra ranga na Grafaice. Sna ceardlanna seo, scrúdaíodh pacáistí DRC néalbhunaithe Tinkercad (6 cheardlann) agus Onshape (6 cheardlann). Ceardlanna praiticiúla a bhí iontu seo le taispeántais bheo agus seisiúin C & F. Níor taifeadadh na himeachtaí seo mar sin de forbraíodh tacaí do mhúinteoirí chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim agus i bhforbairt féinstiúrtha agus féinluais. Faoi láthair tá an acmhainn Tinkercad ar fáil agus is féidir é a fháil trí chliceáil ar an deilbhín Tinckercad thíos. Tá an acmhainn Onshape á forbairt agus cuirfear múinteoirí ar an eolas tríd an liosta seachadta nuair a bheas an taca seo ar an láithreán gréasáin.

Cláraigh le Onshape anseo

## Scoláirí ag foghlaim ón mbaile

Is féidir na dúshláin sheachtainiúla a d'fhorbair foireann JCt4 don tréimhse roimhe seo de dhúnadh scoileanna a fháil i ndoiciméad nua ar a dtugtar ' Scoláirí ag dul don fhoghlaim ón mbaile' agus tiomsaíodh gach ceann de na 14 dhúshlán a cuireadh i dtoll a chéile i ndoiciméad amháin. Is féidir leat rochtain a fháil ar an acmhainn seo trí chliceáil ar an íomhá thíos.




# Ceardlanna Bunghrafaice FGL ar líne 2020/2021





Sa téarma seo, déanfar ceardlann iomlán lae Ghrafaice ar líne a sholáthar ar fud na tíre thar roinnt seachtainí. Craolfar iad seo trí Zoom agus áireofar orthu gníomhaíochtaí tarraingteacha agus nuashonruithe ábhartha do mhúinteoirí Grafaice. Is féidir réamhamharc ar an méid a bhfuiltear ag súil leis a fheiceáil trí chliceáil ar an bhfíseán ar dheis. Gheobhaidh gach scoil ríomhphost le heolas níos mionsonraithe ar an imeacht Grafaice atá le teacht.

## Imeachtaí Grafaice ar Zoom

D'éascaigh an fhoireann Ghrafaice roinnt imeachtaí roghnacha FGL trí Zoom ó thús na bliana acadúla seo. Bhí na himeachtaí seo ina ngníomhaíochtaí beo ina raibh deis ag múinteoirí ceisteanna a scríobh isteach, a phlé agus a chur. Mar thoradh air sin, níor taifeadadh na himeachtaí seo agus tá siad le feiceáil ar bhealach difriúil ar shuíomh gréasáin www.jct.ie i gcomparáid le himeachtaí roghnacha eile a bhí ina seimineáir ghréasáin.

## Acmhainn scoláire do Mo Thuras Geoiméadrachta




Ba cheardlann idirghníomhach í Céimseata a fhiosrú i nGrafaic na Sraithe Sóisearaí ag baint úsáid as an acmhainn "Mo Thuras Geoiméadrachta", a threoraigh múinteoirí trí acmhainn nua scoláirí "Mo Thuras Geoiméadrachta". Is acmhainn scoláirí í seo a d'fhorbair foireann Grafaice JCt4 agus a spreagann iniúchadh ar an domhan geoiméadrach agus a dhéanann naisc idir foghlaim sa seomra ranga agus an gnáthshaol. Tá an acmhainn seo struchtúrtha thart ar dhá straitéis teagaisc agus foghlama 'Ag Breathnú Isteach' agus 'Ag Breathnú Amach'. Le linn na hacmhainne seo spreagtar cur chuige ilmhódach chun faisnéis ghrafach a chur in iúl go cuí. An chaoi is fearr le dul i ngleic leis an imeacht FGL roghnach seo, na treoracha a leanúint a fhaightear ar an láithreán gréasáin. Tosaigh leis an "Seisiún Tosaigh" ar an ócáid, bog ar aghaidh go dtí an t-ábhar straitéise Breathnú isteach agus Breathnú amach agus críochnaigh leis an bhfíseán "Conclúid".

## Deiseanna Foghlama

Táimid i gcónaí ar faire amach do láithreáin ghréasáin agus do na teicneolaíochtaí is déanaí a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise do scoláirí atá ag déanamh staidéar ar an nGrafaic. D'fhéadfadh na naisc thíos iad a threorú i gceann roinnt gníomhaíochtaí bunaithe ar na torthaí foghlama seo a leanas:

***3.12 léiriú*** *cuí grafach ar réiteach ar fhadhb comhthéacsúil dá rogha féin a fhorbairt*
***1.11 léirthuiscint*** *a bheith aige do chur I bhfeidhm tógálacha geoiméadracha i réimsí eile staidéir*
***3.9 teicnící*** *éagsúla léirithe agus cur i láthair a chur i bhfeidhmchun cur le cumarsáid faoi réitigh.*

https://www.youtube.com/watch?v=Pypd_yKGYpA
https://www.youtube.com/watch?v=U93RImC-by4
https://www.youtube.com/watch?v=YqQx75OPRa0

Le dea-mhéin,
**Foireann Ghrafaice JCt4**

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers